

◎ An Lúibín ◎

19 Feabhra 2012

## Tóstal agus moltaí

I Mí Eanáir na bliana seo tháinig cuid de lucht na Gaeilge le chéile ag Tóstal na Gaeilge, ócáid a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar siúl chun moltaí a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi sheirbhísí poiblí i nGaeilge. Cuireadh béim ar a riachtanaí a bhí sé neamhspleáchas an Choimisinéara Teanga (Seán Ó Cuirreáin) a dhaingniú.

Moladh go mbeadh Oifig an Choimisiúna Teanga neamhspleáach, go mbeadh an tAcht na dTeangacha Oifigiúla bunaithe ar chearta teanga agus go mbeadh comhlacthaí poiblí rangaithe de réir na seirbhísí a bhí á soláthar acu. Ba cheart do chomhlacthaí poiblí leagan Gaeilge dá n-ainm a bheith orthu de réir an Acharta, agus ba cheart deasct seirbhísí a chur ar fáil i ngach ceann acu chun freastal ar dhaoine sa dá theanga. Ba chóir d'fhoichonraitheoirí féin seirbhísí a sholáthar sa dá theanga. Ba chóir cáipéisí poiblí coitianta a astriú go Gaeilge aon uair amháin in áit leaganacha difriúla a bheith ar fáil ó chomhlacthaí difriúla. Moladh go mbeadh oifigeach Gaeilge ag comhlachtaí poiblí a bhí ag plé le ceantair láidre Ghaeilge agus go gcuirfi in iúl go forleathan go bhfuil seirbhísí ar fail trí Ghaeilge.

Maidir le cúrsaí dlí, moladh go ndéanfaí billí a aistriú go Gaeilge agus iad á bplé sa Dáil chun gurbh fhéidir na hAchtanna féin a aistriú gan mhoill agus an dá leagan a fhoilsíú in éineacht.

Na comharthaí bóthair féin, moladh go gcuirfi slacht ar Ghaeilge a leithéidí.

Maidir leis an státseirbhís, moladh go n-earcófaí roinnt daoine a mbeadh an dá theanga ar a dtuileadh, agus go n-aithneofaí poist éigin mar phoist dhátheangacha. Ba cheart feabhas a chur ar Ghaeilge an chuid eile den fhaoileann.

Féach [www.gaelport.com/tostal/2012](http://www.gaelport.com/tostal/2012) chun físeáin agus sleamháin a fheiceáil.

◆◆◆◆◆◆◆

Iomaíocht

Tugtar léargas ait ar staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí nuair a théann siad san iomaíocht le chéile. Tá coláiste oiliúna Hibernia ag reachtáil cúrsái samhraidh do mhúinteoirí le tamall de bhlianta anuas in Uíbh Ráthach i ndeisceart Chiarraí, ach tá sé leis an ngnó a aistriú go Corca Dhuibhne. D'fhanadh na mic léinn trí seachtaire in Uíbh Ráthach agus an ceantar ag fáil milliún euro in aghaidh na bliana dá bharr. Tá céad teach saoire ann agus bhíodh mic léinn iarchéime agus a gcúram ar lóistín sa chuid is mó acu. Ní mó ná sásta a bhí comhchoiste na háite le himeacht an choláiste agus a laige atá an teanga sa cheantar. Bhí baint mhór ag na cúrsái leis an tréaniarrachtaí atá á déanamh le dhá bhliain déag anuas leis an nGaeilge a threisiú in Uíbh Ráthach.

Ní ar aon chúis amháin a d'imir Hibernia. Níl an oiread sin gnáthchaointeoír Gaeilge in Uíbh Ráthach agus is leathan an limistéar é. Tá cóngar acu i gCorca Dhuibhne agus breis áiteanna lóistín.

◆◆◆◆◆◆◆

### **Na horthaí is sine**

Saothar ársa Éireannach is ea Leabhar Aifrinn Stowe (nó Leabhar Aifrinn Lothra). Ní leabhar Aifrinn i ndáiríre é ach ‘leabhar sacraimintí’ – deasghnátha an Aifrinn agus na sacraimintí, deasghnátha tiomnú eaglaisí agus eile. I Laidin atá an chuid is mó de, agus tá cúpla ortha i sean-Ghaeilge ann.

Rinneadh é timpeall na bliana 750, ach is dócha go mbaineann an t-Aifreann leis an 6ú haois. Is é an t-aon sampla mháin den deasghnáth Ceilteach a mhaireann é, ós leis an traidisiún Rómhánach nó Gallachánach a bhaineann leabhair ársa Aifrinne eile de chuid na réigiún Ceilteach. Thángthas ar an leabhar i gcláí in aice le Caisleán Leac Fhinn i Lothra, Tiobraid Árann, san 18ú haois, agus fágadh i dtuaisce i leabharlann Stowe i Sasana é. Sa bhliain 1883 tugadh an leabhar d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Fágadh rian a lán deasghnáth eile ar théacs an leabhair – deasghnátha Coptacha, Aetóipeacha, Siriacha agus Spáinneacha. Deirtear gur chuir céili Dé i dtoll a chéile é i dtamhlacht (Baile Átha Cliath) agus go raibh sé á úsáid i Mainistir Lothra ó thimpeall 1050 amach. Thuigfeá as paidir atá ann go raibh an págnáchas láidir fós in áiteanna eigin:

Hanc igitur oblationem servitutis nostraræ Ecclesiae sed et cunctæ familiae tuae quam tibi offerimus in honorem Domini nostri Jesu Christi, et in commemorationem beatorum martirum tuorum, in hac ecclesia quam famulus tuus ad honorem nominis gloriae tuae aedificavit, quaesumus Domine ut placatus suscipientias, eumque atque omnem populum ab idulorum cultura eripias et ad te Dominum Patrem omnipotentem convertas.

*'Guimíod, a Dhé, go nglacfaidh tú go caomh lenár seirbhís féin don Eaglais agus le seirbhís do phobail uile atá á tairiscint againn le hómós d'Íosa Críost ár dTiarna agus i gcuimhne na mairtíreach beannaithe, san eaglais seo a thóg do shearbhónta le hurraim do do ghlóir, agus guimíod go sábhálfaidh tú é féin agus an pobal uile ar adhradh na ndéithe bréige agus go n-iompóidh tú chun an Tiarna, Athair uilechumhachtach, iad.'*

Sin an Lainín; ach tá trí orthaí leighis i gcúl an leabhair agus iad ar na samplaí is sine den Ghaeilge scríofa. Tá baint ag an gcéad cheann le galar na súl, ach tá an oiread sin dochair déanta dó nach féidir é a léamh. Baineann an tríú ceann le dealg a bhaint agus tá sé aistrithe. Fágann sin an dara hortha, ceann a phléann le fadhbanna múin agus a sháraigh ar gach iarracht go dtí seo. Ach deir an tOllamh Peter Stifter ó NUI Maigh Nuad (agus ó Vín ó dhúchais) go bhfuil an chuid is mó de soiléirithe aige. Tá tábhacht ar leith, dar leis, leis an bhfocal *suilid*; tá gaol aige le *silid* (sil), ach tugann an ‘u’ feidhm chuísear do. Tá tábhacht freisin le *lindid* – leacht a dhéanamh; féach ‘linn’ na Nua-Ghaeilge (*linn eisc, an eala ar an linn*). Níl fáil ag An Lúibín ar an aistriúchán úd fós, ach tá tnúth againn leis.

Tá leagan scanálte Google den leabhar le fáil anseo:

<http://www.archive.org/details/stowemissalmsdi00churgoog>

Féach freisin:

<http://brigid-undertheoak.blogspot.com.au/2009/09/stowe-missal.html>

◆◆◆◆◆◆◆◆

Fear na dteangacha: Benny Lewis

Innnealtóir siúlach ó Éirinn is ea Benny Lewis, agus ní raibh bua na teanga aige ar scoil ná baol air; bhí sé go dona ag foghlaim teanga ar bith, agus theip air (ar ndóigh) Gaeilge líofa a thabhairt leis. É ar nós na mílte eile, mar sin. Anois tá Gaeilge, Gearmáinis, Fraincis, Spáinnis, Iodáilis agus Portaingéilis ar a thoil aige, agus greim éigin aige ar roinnt teangacha eile. Ní dhearna sé ach na leabhair a chur i leataobh agus bualadh amach chun comhrá a dhéanamh. Bhí imní air ar dtús ach chuir sé de go cróga í; má rinne sé dearmaid ba chuma leis. Caint a

bhí uaidh agus fáilte roimhe i scór tíortha dá bharr. Tá an scéal go léir – scéal greannmhar spéisiúil – le fáil ar a shuíomh: [www.fluentin3months.com](http://www.fluentin3months.com).

Mar a deir sé féin: caithfidh tú an teanga a labhairt ón gcéad lá. Ní mór í *labhairt* seachas na blianta a chaitheamh le cúrsaí gramadaí nó le bogearraí casta costasacha: ‘labhairt í go rialta, go muiníneach agus láithreach’. Le cleachtadh, mar a deir sé, tagann máistreacht. Ná fan go mbeidh tú ‘ullamh’ nó ní bheidh tú ullamh choíche: ‘Má fhanann tú i do sheomra le cúrsa fuaimé ní chabhróidh sé leat **choíche** an teanga a labhairt’. Buail amach!

Ní nach ionadh, ní breá leis an bealach a múintear Gaeilge i scoileanna na hÉireann – na trialacha, an síorchearcú, an drochmhisneach a chuirtear ar na daltaí. B’fhearr míle uair dul chun cainte le daoine eile, beag beann ar na dearmaid, ós cuid den chaidreamh daonna na dearmaid sin. (Rud nach ndeir sé, ach ar rud fíor é, nach bhfuil leath na múinteoirí féin líofa ar chor ar bith – cé go mbeidís dá dtréigfidís na gráiméiranois agus arís chun dul sa seans.) Chuaigh Lewis chun Dún na nGall chun slacht a chur ar a chuid Gaeilge.

Thosaigh an scéal sa Spáinn nuair a d’éisigh sé tuisceach dá chuid aonteangachais; dúirt sé leis féin nach labhródh sé Béarla ar feadh míosa. D’éisigh go maith leis, agus thosaigh sé a bhlag. Ní deir sé nach gá obair chrua a dhéanamh ná frustrachas a fhulaingt, ach is breá leis an sult a bhaineann leis an eachtra. É ag siúl an domhain gan stad anois, ag múineadh Béarla agus ag aistriú téacsanna innealtóireachta chun a bheatha a thuilleamh. Is fiú a chuid físeán a fheiceáil. Anois is féidir leis maireachtáil, móran, ar an ‘Treoir Teanga’ a dhíolann sé, ach is leor é féin mar eiseamláir chun misneach a thabhairt don té a bhfuil teanga eile uaidh. Mar a deir an seanfhocal: Ní mhúintear go coigríoch.



### An Gael – iris an domhain

Tá Séamas Ó Neachtain, Gaeilgeoir agus diograiseoir teanga, ar thóir ábhair – ailt, scéalta agus filíocht a d’fhéadfadh sé a fhoilsíu in *An Gael*, iris ráithiúil lán-Ghaeilge do lucht na Gaeilge ar fud an domhain. Tá an iris seo ina hoidhre ag *An Gaodhal*, iris Ghaeilge a tháinig amach sna Stáit sa chuid dheireanach den 19ú haois sula raibh a leithéid le fáil in Éirinn féin. Meiriceánach is ea Séamas, agus tá sé féin agus a chairde chun an 12ú heagrán a chur amach go luath. Tá *An Gael* le fáil ar an Idirlíon – féach [www.angaelmagazine.com](http://www.angaelmagazine.com) – agus bíonn gach eagráin i gcló i gcónaí. Tá an iris ar fáil mar chomhad pdf (Adobe Acrobat) agus í an-saor.

‘An rud is mó a bhíonn uainn ná léitheoirí,’ a deir Séamas, ‘agus táthar ag súil go mbíonn tú féin á léamh.’ Maíonn sé gur iomaí rud iontach a bhíonn idir na clúdaigh, agus tá innéacs cuimsitheach ann. Léigh an iris, a deir sé, agus scaip an scéal.

Tá moladh tuillte ag *An Gael*: iris chomh snasta is a d’fheicfeá i nGaeilge (nó ina lán teangacha eile), agus éagsúlacht ag baint leis an ábhar. Chun réamhspléachadh a fháil uirthi tabhair cuairt ar an suíomh agus téigh go dtí *An tEagrán is Déanaí*: is ann a gheofaidh tú an chartlann chomh maith.



### Acmhainn nua

Tá acmhainn nua an-suimiúil ar fáil anois, ceann a ullmhaíodh do dhaltaí scoile ach a mbainfeadh foghlaimeoiri de shaghás ar bith tairbhe as. Fiú an té a bhfuil máistreacht aige ar an teanga, gheobhadh sé rudaí suimiúla ann. Suíomh idirlíon atá i gceist agus trí chéad taifeadán Gaeilge ann, idir físeáin agus taifeadtaí gutha. Ábhar stairiúil atá ann agus cuid de déanta sna seachtoidí. Féach [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) (iTunes U - COGG Channel).

Baineadh an t-ábhar de chartlann Raidió na Gaeltachta agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh, agus baint aige le tionscadal taighde de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Cuireadh an áis ar bun le haghaidh scoileanna lán-Ghaeilge tar éis do An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta and Gaelscolaíochta (COGG) ceadúnas a fháil ó Apple.

Tá an t-ábhar ar fáil saor in aisce.



## Múineadh le héifeacht

Is thír Bhéarla í an Astráil: thír, mar sin, a mhúineann teangacha iasachta ina cuid scoileanna agus a mhúineann go dona iad, tríd is tríd. Ba chóir do dhaltaí óga an bhunscoil a fhágáil agus bunús an dara teanga ar a dtoil acu; rud nach dtíteann amach. Déantar fógraí agus gealltanais ach ní bhíonn rath ar an obair. Cuirtear am agus fuinneamh agus airgead sa dul amú. Ach b'fhéidir go bhfuil feabhas le teacht ar an scéal faoi dheireadh.

Tá Stát Victoria i mbun cnuasaigh (*clusters*) a dhéanamh de scoileanna chun teangacha iasachta a mhúineadh. Múinfeart ábhair bhunúsacha ar nós matamaítice, eolaofcha agus na ndaonnachtaí trí theanga nach Béarla í. Beidh na scoileanna ag roinnt acmhainní ar a chéile, rud a chuideoidh le cuspóir an rialtais a bhaint amach – gach dalta bunscoile a bheith ag foghlaim teanga iasachta faoin m bliain 2015 agus na daltaí go léir a bheith á dhéanamh faoin m bliain 2025. Is é teideal an tionscadail *Content and Language Integrated Learning* (CLIA). Ach is cuis imní fós é a laghad sin múinteoirí oilte a bheith ann agus gan mórán leanúnachais teanga ó bhunscoil go meánscoil.

Faoi láthair tá ceithre chnuasach déag ann agus baint ag 102 bunscoil agus meánscoil leo. Iodáilis, Fraincis, Gearmáinis, Indinéis, Sínis agus Seapáin is na teangacha atá i gceist. I ngach cnuasach tá scoil áirithe a dhéanann caighdeán a chothabháil agus acmhainní a roinnt go cothrom. Tá cùig scoláireacht is fiche ar fáil do dhaoine arb áil leo dul i bhfeabhas mar mhúinteoirí teanga.

Sa bhliain 2010 bhí 69% de na daltaí ag foghlaim teanga eile, uimhir is ísle ná uimhir na mblianta roimhe sin ach nach bhfuil ró-íseal ar fad. Ach is mór idir staidéar foirmiúil a dhéanamh ar theanga agus líofacht a bhaint amach, agus teipeann ar scoileanna na tire na daltaí a chur ag caint. Ní rud beo í an teanga eile acu; níl inti ach ábhar tur nach mbaineann leis an saol. Mura gcuirfidh an tionscadal nua na daltaí ag comhrá ní bheidh ann ach teip eile.

Ní thugtear san Astráil cén gá atá le teangacha, go háirithe san Áise. Ní thugtear gur tríd an teanga áitiúil is gá earraí agus seirbhísí a sholáthar. Is deas an rud Béarla a bheith agat mar *lingua franca*, ach tá teorainn leis i gcúrsaí taidhleoireachta féin. Mar a dúradh in aighniú a chuir banc mór Astrálach faoi bhráid coiste parlaiminteach le déanaí, ba chóir i bhfad níos mó taidhleoír le teangacha áitiúla a chur chun na hÁise chun cuidiú le lucht easportála. Tá tortha áirithe ag dul i neart agus i gceann fiche bliain beidh geilleagar cùigí éigin sa tSín chomh mór le geilleagar na hAstráile agus Cheanada. Claonadh cultúrtha atá i gceist freisin: níl ach 12% dár gcuid taidhleoír le fáil i dtuaisceart na hÁise le hais 21% san Eoraip, agus tá an fhoireann féin ag dul i laghad.

Ní deacair daltaí bunscoile a chur ag labhairt Sínise féin ach múinteoirí oilte agus deis ciante a bheith acu, agus is féidir ansin an teanga a neartú de réir a chéile sa mheánscoil. Ar na scoileanna féin atá a chruthúanois.



'Schools join forces to rescue languages,' Amanda Dun, *The Sunday Age*, 5/2/12.

'Bank calls for boost in diplomats sent to Asia,' Daniel Flitton, *The Age*, 10/2/12.

**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Leaganacha simplithe

### Tóstal agus moltaí

I Mí Eanáir na bliana seo bhí Tóstal na Gaeilge ann. Rinneadh moltaí<sup>1</sup> a cuireadh faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi sheirbhísí poiblí i nGaeilge..

Ar na moltaí sin<sup>2</sup> bhí na cinn a leanas<sup>3</sup>: Oifig an Choimisiúneara Teanga a fhanacht neamhspleách,<sup>4</sup> cearta teanga a aithint go soiléir de réir dlí,<sup>5</sup> agus seirbhísí a bheith ar fail i nGaeilge agus i mBéarla ó chomhlachtaí poiblí. Ba cheart cáipéisí poiblí coitianta a aistriú go Gaeilge aon uair amháin agus gan leaganacha difriúla<sup>6</sup> a bheith ar fail ó chomhlachtaí difriúla. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí ofigeach Gaeilge a bheith acu má tá siad ag plé le ceantair láidre Gaeilge, agus ba cheart a fhógaírt go forleathan<sup>7</sup> go bhfuil seirbhísí ar fail trí Ghaeilge.

Maidir le cursaí dlí, ba cheart billí a aistriú go Gaeilge agus iad á bplé sa Dáil, chun gurbh fhéidir na hAchtanna a aistriú go Gaeilge gan mhoill.

Dúradh gur mhaith an rud é daoine a thabhairt isteach sa státseirbhís a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Ba cheart feabhas a chur ar Ghaeilge an chuid eile den fhoireann.

### Múineadh le héifeacht

B'fhéidir go bhfuil feabhas le teacht ar mhúineadh na dteangacha i scoileanna Victoria san Astráil.

Tá Stát Victoria i mbun cnuasaigh (*clusters*) a dhéanamh de scoileanna chun teangacha iasachta a mhúineadh. Múinfear ábhair thábhachtacha trí theanga iasachta. Beidh na scoileanna ag roinnt acmhainní<sup>8</sup> ar a chéile. Tá súil ag an rialtas go mbeidh gach dalta bunscoile ag foghlaim teanga iasachta faoin mbliain 2015. Is é teideal an tionscadail *Content and Language Integrated Learning* (CLIA). Ach faoi láthair níl móráin müinteoirí ann a bhfuil teanga eile acu, agus is minic nach ionann an teanga a mhúintear sa bhunscoil agus an teanga a mhúintear sa mheánscoil.

Iodáilis, Fraincis, Gearmáinis, Indinéisis, Sínis agus Seapáinis na teangacha atá i gceist. Tá scoláireachtaí ar fáil do mhúinteoirí teanga a bhfuil fonn orthu dul i bhfeabhas.

Sa bhliain 2010 bhí 69% de na daltaí ag foghlaim teanga iasachta. Faoi láthair, áfach, teipeann ar na scoileanna na daltaí a chur ag caint. Ní rud beo í teanga iasachta ach ábhar tur nach mbaineann<sup>9</sup> lena saol féin. Ní deacair daltaí bunscoile a chur ag labhairt Sínise féin<sup>10</sup> ach müinteoirí oilte agus deis cainte a bheith acu.

Ní thuigtear san Astráil cén gá atá le teangacha, go háirithe san Áise. Ní thuigtear gur tríd an teanga áitiúil is gá<sup>11</sup> earraí agus seirbhísí a dhiol. Is deas an rud Béarla a bheith agat mar *lingua franca*, ach tá teorainn leis i gcúrsaí taidhleoireachta féin.<sup>12</sup> Dúirt banc mór Astrálach le déanaí go bhfuil gá le breis taidhleoírí le teangacha áitiúla san Áise chun cuidiú le lucht easportála.<sup>13</sup> Claonadh cultúrtha

<sup>1</sup> Moltaí – recommendations.

<sup>2</sup> Ar na moltaí sin – among those recommendations

<sup>3</sup> A leanas – that follow

<sup>4</sup> A fhanacht neamhspleách – to remain independent

<sup>5</sup> De réir dlí – in accordance with law

<sup>6</sup> Leaganacha difriúla – various versions

<sup>7</sup> A fhógaírt go forleathan – to advertise widely

<sup>8</sup> Ag roinnt acmhainní – sharing/distributing resources

<sup>9</sup> Nach mbaineann le – that has no connection with

<sup>10</sup> Ag labhairt Sínise féin – even speaking Chinese

<sup>11</sup> Is gá – (that) it is necessary

<sup>12</sup> I gcúrsaí taidhleoireachta féin- even where diplomacy is concerned.

<sup>13</sup> Lucht easportála – exporters

atá i gceist chomh maith: níl ach 12% dár gcuid taidhleoirí le fáil i dtuaisceart na hÁise le hais<sup>14</sup> 21% san Eoraip.

---

<sup>14</sup> Le hais – in comparison to